AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.12.2024
COM(2024) 702 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh

arna ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú

{SWD(2024) 700 final} - {SWD(2024) 701 final} - {SWD(2024) 702 final}

TEACHTAIREACHT I NDÁIL LEIS AN TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH

Sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, sainaithnítear Ballstáit a measann an Coimisiún go bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh dóibh, nó go bhféadfadh sé go bhfuil an baol ann go ndéanfadh míchothromaíochtaí difear dóibh, bunaithe ar léamh eacnamaíoch scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.([1])**.** Cuirtear na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023 san áireamh sa léamh eacnamaíoch ar an scórchlár, sonraí a léirmhínítear ar bhealach réamhbhreathnaitheach. Cuirtear san áireamh leis sin forbairtí na rioscaí féideartha bunaithe ar fhorbairtí agus réamhaisnéisí eacnamaíocha sa bhliain (2024) le haghaidh 2025 agus 2026 ó réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún, i gcás inarb ábhartha. Tar éis roinnt blianta, rinneadh athruithe ar an scórchlár, agus is é an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh seo an chéad cheann atá bunaithe ar an scórchlár athbhreithnithe. Leagtar amach na príomhathruithe i mBosca 1, agus soláthraítear tuilleadh sonraí i ndoiciméad inmheánach oibre tiomnaithe ([2]) maidir leis na hathbhreithnithe sin ar an scórchlár, athbhreithnithe a ghabhann leis an Teachtaireacht seo. I ndoiciméad inmheánach oibre eile tá an anailís eacnamaíoch iomlán is bonn leis an Teachtaireacht seo agus tá iarscríbhinn ag gabháil leis ina bhfuil luachanna an scórchláir ([3]).

Tá an tréimhse ard bhoilscitheach a thosaigh in 2021 ag maolú, de réir mar a dhúnann an boilsciú leis an sprioc, ach tá boilsciú seirbhísí fós ard. Faoi lár 2024, bhí laghdú tagtha ar an tréimhse bhoilscitheach láidir a thosaigh in 2021. Ar an iomlán, tá rátaí boilscithe praghsanna do thomhaltóirí ag druidim de réir a chéile le spriocanna na n-údarás airgeadaíochta. D'ainneoin an laghdaithe fhoriomláin sin, tá brúnna boilscitheacha fós ann. Tá boilsciú a ghintear go hinmheánach — ó sheirbhísí go príomha — fós láidir ar an iomlán, agus éagsúil, agus tá rátaí boilscithe roinnt tíortha ag seasamh amach. Faoi láthair, déantar rannchuidiú an bhoilscithe a ghintear go hinmheánach leis an mboilsciú ceannlíne a fhritháireamh trí fhrithbhoilsciú ó fhoinsí allmhairithe, go príomha praghsanna fuinnimh agus bia, agus ó laghduithe ar phraghsanna earraí marthanacha tomhaltais. Tá an próiseas frithbhoilscitheach sin mar gheall ar na bunéifeachtaí agus ar na praghsanna fuinnimh níos ísle ag obair ar a mbealach amach as an modh monaraíochta. De réir mar a laghdaíonn éifeacht na bpróiseas sin, d'fhéadfadh boilsciú seirbhísí rátaí foriomlána a mhéadú, mura ndearnadh é a shrianadh idir an dá linn. Ós rud é nach bhfuil fíorphá ach tar éis an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim a bhaint amach, d'fhéadfadh éilimh phá leanúint de bheith láidir, agus d'fhéadfaí go rannchuideodh sé le boilsciú foluiteach agus go mbeadh an díbhoilsceoir praghsanna OTI ard fós.

Tá tús curtha arís leis an bhfás eacnamaíoch, ach tá an timpeallacht mhaicreacnamaíoch dúshlánach. Bhí an fíorfhás lag in 2023, ós rud é gur thit an tomhaltas agus an infheistíocht araon mar gheall ar mheascán de rátaí arda úis agus fás ard ar phraghsanna agus ar chostais. In

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú.

([2]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe i scórchlár an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, SWD(2024) 702.

([3]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, SWD(2024) 700; Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Iarscríbhinn staidrimh a ghabhann le Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, SWD(2024) 701.

2024, tá tús curtha arís leis an bhfíorfhás, de réir mar a thagann borradh faoi chumhacht ceannaigh teaghlaigh, le cuidiú ó phá níos airde agus ó bhoilsciú níos ísle. Ba cheart fás ainmniúil a bheith sách buacach fós mar thoradh air sin, d'ainneoin na titime sa bhoilsciú. Cé go bhfuil rátaí úis fós i bhfad níos airde ná an chuid is mó den deacáid seo caite, tá siad ag titim anois. Leis sin, ba cheart maolú a theacht ar an mbrú atá ar theaghlaigh, ar chorparáidí agus ar rialtais maidir le fiacha a sheirbhísiú. Cé go bhfuil na coinníollacha airgeadais ag scaoileadh, tá an beartas fioscach ag teanntú i roinnt tíortha, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar fhás. Anois agus an phaindéim agus suaitheadh praghsanna fuinnimh i bhfad san am a chuaigh thart agus le filleadh an fháis, tá rialtais ag tosú ar a gcóimheasa fiachais a laghdú, rud a mhéadaigh i bpáirt mar gheall ar bheartais a thacaigh leis an éileamh le linn na paindéime agus le suaitheadh na bpraghsanna fuinnimh. Tá an tírdhreach eacnamaíoch domhanda fós casta, le teannas geopholaitiúil atá ag teacht chun cinn agus suaitheadh eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann ag cruthú dúshláin mhóra a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar leibhéil fiachais rialtais. Tá rioscaí leanúnacha i gcónaí ag dul i dtreo an donais agus is é an comhthéacs domhanda is cúis leo: an choinbhleacht sa Mheánoirthear, cogadh leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus comhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú go ginearálta, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an trádáil dhomhanda agus deacrachtaí a chruthú ó thaobh dálaí seachtracha de.

Fágann an tréimhse bhoilscitheach atá ag teacht chun deiridh conairí fáis éagsúla agus méaduithe éagsúla ar leibhéil fhoriomlána na bpraghsanna, rud a fhágann go bhféadfadh saincheisteanna a bheith ann maidir le hiomaíochas costais. Ar an iomlán, thit rátaí boilscithe do thomhaltóirí go mór ar fud na rátaí boird agus, i gcás roinnt tíortha, bhí roinnt cásanna díbhoilscithe gearrthéarmacha ann le bliain anuas. De ghnáth, is tíortha iad sin ina raibh ról mór ag fuinneamh agus tráchtearraí eile maidir le praghsanna a laghdú, i bpáirt mar gheall ar bhunéifeachtaí. Mar sin féin, i roinnt tíortha, tá an boilsciú foluiteach fós níos airde go docht ná mar atá ina bpiaraí, rud a chuireann leis an méadú carnach foriomlán ar leibhéil praghsanna a tharla le blianta beaga anuas. Leis sin, ardaítear an t-ionchas go leanfar d'éifeachtaí aiseolais, idir fás pá agus boilsciú praghsanna; i gcás tíortha ina bhfuil méaduithe an-ard tagtha ar a leibhéil praghsanna cheana féin, d'fhéadfadh éifeachtaí aiseolais leanúnacha den sórt sin a bheith ina gcúis imní. Léiríonn fás OTI patrúin éagsúla freisin. Cé go bhfuil scéal foriomlán an fháis, is é sin fás níos ísle in 2023, agus méadú ina dhiaidh sin in 2024 agus 2025 fíor, a bheag nó a mhór, i gcás na dtíortha uile, tá difríochtaí móra ann. Níl patrún leanúnach ann idir an boilsciú foluiteach ard agus an éileamh intíre, rud lena gcuirtear difríochtaí substaintiúla in iúl, sa tírdhreach tar éis na géarchéime. Go sonrach, cé go bhfuil fíorfhás ard OTI fós ag gabháil le boilsciú foluiteach ard i gcásanna áirithe, i gcásanna eile tá sé fós ann d'ainneoin an fháis dhiúltaigh a bhí ann anuraidh, agus d'ainneoin na laige leanúnaí san fhíor-OTI, i gcoibhneas le tíortha eile agus le rátaí fáis a bhí ann roimh an bpaindéim araon.

<u>Léamh téamach earnáilsonrach</u>

- In 2023, **tháinig feabhas ar na cuntais reatha i mbeagnach gach Ballstát**, ós rud é gur thit praghsanna fuinnimh agus go raibh an t-éileamh fós lag, rud a chuir an laghdú láidir ar chomharduithe trádála ó 2022 ar ceal i bpáirt. D'ainneoin na méaduithe sin, tá na cuntais reatha fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim in go leor cásanna — agus, go háirithe i gcás roinnt glanfhéichiúnaithe móra — agus faoi bhun na leibhéal a chabhródh chun iad a cheartú go tapa. I roinnt cásanna suntasacha, tá an t-éileamh intíre fós láidir agus is cosúil go bhfuil easnaimh mhóra sa chuntas reatha fós ann. I roinnt cásanna eile, tá feabhas mór — nó cobhsú ar leibhéal beag — ar na cuntais reatha mar thoradh ar laghdú timthriallach — nó ar laghdú sealadach ar a laghad — ar an éileamh. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh filleadh dálaí níos neamhurchóidí suíomh foluiteach níos diúltaí a nochtadh. Tá barrachais arda fós ann, agus tá ról mór ag roinnt comharduithe ioncaim agus saintréithe tírshonracha i gcásanna áirithe. In 2024, ar an iomlán, tá feabhas de réir a chéile ar an éileamh intíre ag fritháireamh an fheabhsaithe leanúnaigh i dtéarmaí trádála, rud a fhágann go bhfuil cuntais reatha cobhsaí den chuid is mó i

mbliana agus sa bhliain seo chugainn, cé go bhfuil feabhsuithe na ráithí le déanaí fós ag cur leis na sonraí ar bhonn bliantúil. I gcomparáid leis an tréimhse roimh an bpaindéim, tá athrú tagtha ar iasachtú agus ar iasachtaíocht earnálacha éagsúla an gheilleagair de réir mar a mhéadaigh rialtais a nglaniasachtaíocht, agus mar a mhéadaigh an earnáil phríobháideach a suíomh glaniasachtaithe. In 2024, níl an éifeacht sin chomh soiléir céanna agus a bhí sí in 2023, ós rud é go bhfuil laghdú tagtha ar iasachtaíocht an rialtais agus ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar choigilt na hearnála príobháidí.

- Tháinig laghdú mór ar na **glansuíomhanna diúltacha stoic sheachtraigh in** 2023, agus bhí ról mór ag éifeachtaí ainmneora, rud a rinne roinnt easnamh mór a fhritháireamh agus giota sa bhreis air sin. I gcásanna áirithe, tháinig tuilleadh laghduithe as éifeachtaí láidre luachála, rud a léiríonn gluaiseachtaí sa ráta malairte. D'fhan **glansuíomhanna seachtracha móra dearfacha** cobhsaí den chuid is mó, ós rud é go bhfuil éifeachtaí an uimhreora agus an ainmneora cothromaithe i bhfianaise barrachais láidre leanúnacha sa chuntas reatha.

- Thosaigh **cuntas reatha an limistéir euro** ag ardú ón bpointe íseal a bhí aige go luath in 2023, agus tá sé ag méadú gach ráithe ó shin. Spreag an feabhas i dtéarmaí trádála an feabhas géar ar an gcomhardú ainmniúil, agus rinneadh an t-éileamh a mhaolú ar an iomlán, rud a chuir le hiarmhéid ar chuntas reatha freisin. Tá cuntas reatha an limistéir euro fós faoi bhun an leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, lena léirítear tionchar marthanach praghsanna fuinnimh níos airde, rud a rinne difear don chomhardú trádála, agus lena léirítear laghdú de réir a chéile ar chomharduithe ioncaim phríomha. Tá na laghduithe sin ar chomharduithe ioncaim phríomha comhchruinnithe i líon beag tíortha, agus i gcásanna áirithe léirítear leo oibríochtaí eintiteas sainchuspóireach, le naisc láidre airgeadais trasteorann ach naisc theoranta le geilleagair intíre tíortha. I gcomhthreo leis sin, tá laghdú tagtha ar bharrachas na seirbhísí (beaga), cé go bhfuil rannchuidiú na turasóireachta ag meán níos fadtéarmaí den chuid is mó. Tuartar go leanfaidh cuntas reatha an limistéir euro de bheith ag feabhsú i mbliana agus go bhfanfaidh sé cobhsaí den chuid is mó an bhliain seo chugainn, rud lena léirítear an t-easnamh seanbhunaithe infheistíochta intíre i gcoibhneas le coigilteas. Ar an iomlán, mar thoradh ar an bhfeabhas láidir ar na Staideanna Glana Infheistíochta Idirnáisiúnta atá ag glanfhéichiúnaithe, tá athchothromú aontaobhach ar **shuíomhanna seachtracha laistigh den limistéar euro** d'ainneoin nach bhfuil ceartúchán ann ar thaobh na dtíortha móra ar glanchreidiúnaithe iad.

- Tháinig méadú mór ar an bhfás ar **chostais aonad saothair** ar an iomlán in 2023 — ach bhí difríochtaí substaintiúla ann ar fud na dtíortha — rud a chuir dlús le fás pá, agus fás táirgiúlachta malltriallach nó diúltach fiú, i bhformhór na gcásanna. Leis an bhfás an-láidir ar chostais aonad saothair, léirítear an méadú is airde le blianta beaga anuas i bhformhór na mBallstát. Bhí méaduithe substaintiúla ar phá, ach i roinnt Ballstát níl leibhéil an fhíorphá le haghaidh 2019 bainte amach go fóill. Tá luasmhoilliú ar arduithe pá faoi lán seoil in 2024, ach tá méaduithe ar na réamhaisnéisí fós ard go stairiúil i roinnt mhaith tíortha. Ar an iomlán, tá na margaí saothair teann i gcónaí, rud a chuireann le cumhacht mhargála na n-oibrithe. Cé go bhfuil an dífhostaíocht ag dul i méid i roinnt tíortha, tá sí ag dul i méid ó leibhéal íseal agus tá sí teoranta i gcónaí. I roinnt cásanna, tháinig méaduithe ar an dífhostaíocht i dteannta méaduithe i bhfad níos substaintiúla ar an bhfostaíocht, de réir mar a tháinig méadú ar an imirce agus/nó ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Tá fás sna costais aonad saothair faoi bhun mheán an limistéir euro léirithe ag tíortha móra ar glanfhéichiúnaithe iad sa limistéar euro, agus tá fás níos láidre léirithe ag go leor tíortha ar glanchreidiúnaithe iad; ba cheart dó sin tacú le hathchothromú siméadrach na suíomhanna seachtracha laistigh den limistéar euro.

- In 2023, luachmhéadaigh an euro i leith airgeadraí móra eile, de réir mar a lean an BCE dá thimthriall géaraithe. Lasmuigh den limistéar euro, luachmhéadaigh airgeadraí Eorpacha freisin, cé is moite de krona na Sualainne. Mar thoradh air sin, tháinig méadú foriomlán ar **fhíor-rátaí malairte éifeachtacha**, agus ba iad na heisceachtaí an tSualainn agus roinnt tíortha sa

limistéar euro a bhfuil boilsciú i bhfad níos ísle acu, áit ar fhan siad cobhsaí den chuid is mó. I dtíortha ina bhfuil boilsciú an-ard, tháinig méadú os cionn 5 % in aghaidh na bliana ar fhíor-rátaí malairte éifeachtacha atá bunaithe ar ICPTanna, agus tháinig méadú breise orthu i dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro ina bhfuil luachmhéadú láidir ar airgeadra náisiúnta agus boilsciú ard araon. In 2024, tháinig moill mhór ar an luachmhéadú ar an euro, rud a d'fhág go raibh fíor-rátaí malairte éifeachtacha cobhsaí den chuid is mó ar fud an limistéir euro, agus na difríochtaí i bhfad níos lú sa bhoilsciú anois ag spreagadh na n-athruithe measartha teoranta sna fíor-rátaí malairte éifeachtacha.

- Ar fud an Aontais, léiríodh leis **na cóimheasa idir fiachas corparáideach agus OTI** an tríú bliain de laghduithe láidre in 2023, agus shroich an cóimheas fiachais foriomlán an luach is ísle le breis agus deich mbliana anuas. Cé gurbh é tionchar an bhoilscithe ar an ainmneoir an spreagadh ba shubstaintiúla don laghdú, chuir glansreafaí creidmheasa teoranta, nó i gcásanna áirithe glansreafaí creidmheasa diúltacha, le laghdú foriomlán ar fhéichiúnas corparáideach freisin. Ar an iomlán, thit sreafaí creidmheasa go dtí na leibhéil is ísle acu le breis agus deacáid anuas. Bhain díghiaráil chorparáideach go príomha le laghdú ar stoc na n-iasachtaí, agus d'fhan urrúis fiachais cobhsaí den chuid is mó. Mar gheall ar dhálaí diana maoiniúcháin agus rátaí arda úis, tá méadú tagtha ar chaiteachas úis gnólachtaí agus tá tionchar acu ar chumas aisíocaíochta fiachais na hearnála corparáidí. Mar sin féin, id'ainneoin méadú beag ar leochaileachtaí airgeadais corparáideacha, is beag léiriú forleathan atá ann ar mhéaduithe ar mhainneachtain iasachtaí faoi láthair. Tar éis buaicphointe a bhaint amach i lár 2022, thit sciartha brabúis ar ais go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go luath in 2024, rud lena bhféadfaí a léiriú gnólachtaí a fhreastalaíonn ar phá níos airde, cé go bhféadfaí a rá gur chuir gníomhaíocht eacnamaíoch laghdaithe agus fás lag táirgiúlachta brú ar bhrabúis i roinnt tíortha agus tionscal, agus go leanfaidh siad de bhrú a chur ar bhrabúis i roinnt tíortha agus tionscal. In 2024, leanfar den díghiaráil ach ar luas níos moille, rud lena léirítear maolú an bhoilscithe agus méadú beag ar shreafaí creidmheasa, rud ba cheart a bheith ag gabháil freisin le téarnamh de réir a chéile — ach mall — san infheistíocht chorparáideach. Ba cheart dlús a chur leis an téarnamh sin mar gheall ar an athshlánú sin, de réir mar a neartóidh an t-éileamh agus de réir mar a thiocfaidh feabhas ar dhálaí maoiniúcháin agus ar mhuinín ghnó.

- Tháinig maolú ar an bhfás ar **phraghsanna tithe** in 2023, tar éis fás láidir le linn 2020-22. Bhí éagsúlacht mhór ann ar fud na dtíortha, áfach, agus praghsanna ag titim i roinnt tíortha, ach ag fás i roinnt tíortha eile. Leis an laghdú — nó méaduithe níos moille — ar phraghsanna, léirítear coigeartú ar chostais iasachtaíochta níos airde, toisc go bhfuil teaghlaigh in ann stoc iasachta níos ísle a sheirbhísiú. Mar thoradh ar an laghdú beag ar rátaí úis a tharla cheana féin, mar aon le coigeartú an mhargaidh go leibhéal praghsanna níos ísle, tá an t-éileamh ag atosú in 2024, cé go bhfuil fás beag fós ann i roinnt tíortha. D'ainneoin na modhnóireachta a bhí ann, meastar go bhfuil praghsanna tithe fós ró-luacháilte i dtrí cheathrú de thíortha an Aontais, agus tá comharthaí ró-luachála os cionn 10 % le feiceáil ar níos mó ná leath díobh. Tá sé seo in ainneoin gur tharla na laghduithe is láidre ar phraghsanna tithe i margaí a measadh gurb iad na margaí is mó a ndearnadh ró-luacháil orthu. I gcomhthreo leis sin, i roinnt tíortha, tá fás an-láidir fós ar phraghsanna tithe. Ar an iomlán, tá laghdú tagtha ar thógáil tithíochta agus ar éadáil ceadanna, go háirithe i dtíortha ina bhfuil ceartú níos mó déanta ar phraghsanna, agus ba cheart go gcoinneodh sé sin srian ar sholáthar go luath amach anseo, rud a d'fhágfadh go dtosófaí arís ar an dinimic bhunúsach a bhfuil ardú mór ar phraghsanna tithe mar thoradh orthu le blianta beaga anuas.

- Lean **cóimheasa fiachais teaghlaigh** dá laghduithe le blianta beaga anuas in 2023, agus shroich siad leibhéil ísle stairiúla i bhformhór thíortha an Aontais. Cé gurbh é an tionchar a bhí ag an mboilsciú ard ar an ainmneoir ba chúis go mór le laghdú 2023, d'fhág crapadh sreafaí creidmheasa freisin gur laghdaíodh an tionchar a bhí ag iasachtaí nua ar an bhfiachas. Bhí an méadú ar chostais iasachtaíochta géar agus cuireadh iasachtaí nua ar fáil láithreach bonn, rud a laghdaigh an t-éileamh ar mhorgáistí. Rinneadh difear níos láithrí d'íocaíochtaí úis ar iasachtaí a

bhí ann cheana i dtíortha inar dóchúla go mbeadh rátaí athraitheacha ag morgáistí, nó tréimhsí socraithe rátaí úis an-ghearr, agus ina bhfuil téarmaí morgáiste fada. Tháinig coigilteas teaghlaigh ar ais beagán in 2023, tar éis 2 bhliain inar thit siad tar éis an ardaithe tobann a tharla mar gheall ar an bpaindéim. Ar an meán, tá méadú beagán níos mó tagtha ar an ús a fhaigheann teaghlaigh ná an t-ús a íoctar. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil sócmhainní agus iasachtaí faoi úinéireacht teaghlach éagsúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh brú mór ar theaghlaigh áirithe ó rátaí arda úis i roinnt tíortha. Leis an laghdú le déanaí ar rátaí úis agus an fás pá a bhfuil coinne leis, ba cheart é sin a éascú beagán amach anseo. In 2024, lean cláir chomhardaithe na dteaghlach de bheith ag neartú ar an iomlán, cé go raibh sé sin níos moille ná mar a bhí in 2023.

- Bhí fás láidir ainmniúil OTI mar thoradh ar bhoilsciú ard fós mar bhonn taca faoi laghdú ar **fhiachas rialtais** in 2023, d'ainneoin easnaimh rialtais atá fós suntasach. In 2024 agus 2025, ní mheastar go mbeidh easnaimh phríomha rialtais le héirí níos doichte go mór i roinnt tíortha a bhfuil fiachas ard acu agus mar thoradh ar an difreálach fáis OTI ainmniúil agus rátaí úis nach bhfuil chomh fabhrach céanna, tuartar go mbeidh an laghdú láidir ar chóimheasa idir fiachas rialtais agus OTI arb ann dóibh ó 2021 measartha nó go stadfaidh siad. Mar sin féin, i roinnt tíortha — go háirithe tíortha a bhfuil fiachas ard acu — tuartar go leanfar de laghduithe móra fiachais in 2024. Is tíortha iad sin a bhfuil barrachais nó easnaimh theoranta acu, agus fíorfhás OTI láidir leanúnach ar cheart dó cabhrú leis an díghiaráil. I gcás roinnt tíortha lasmuigh den limistéar euro, d'fhéadfadh rioscaí breise a bheith ag baint le hiasachtaí rialtais i gcás ina bhfuil scaireanna sách mór dá bhfiachas rialtais ainmnithe in airgeadraí eachtracha, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh éagsúlachtaí sna rátaí malairte difear a dhéanamh dóibh. Sna blianta amach romhainn, tacóidh cur chun feidhme chreat fioscach nua an Aontais le díghiaráil earnáil an rialtais.

- Ar an iomlán, léirigh **an earnáil airgeadais** san Aontas athléimneacht leanúnach in 2023, ós rud é gur bhain na bainc tairbhe as ioncam úis níos airde, agus gur fhan cóimheasa iasachta neamhthuillmhí cobhsaí. Mar thoradh ar rátaí úis níos airde, tháinig méadú ar chorrlaigh ráta úis, ós rud é gur éirigh leis na bainc na rátaí níos airde ar iasachtaí a chur ar aghaidh níos tapúla ná taiscí. Chuir sé sin borradh faoi bhrabúsacht na mbanc, go háirithe i gcás na mbanc a bhíonn ag brath níos mó ar chistiú taiscí. Tá méadú beag tagtha ar chóimheas Ghnáthchothromas Leibhéal 1. Ar an iomlán, tá iasachtaí neamhthuillmheacha fós cobhsaí cé gur tugadh roinnt méaduithe faoi deara in 2024, agus is cosúil go mbaineann siad go príomha leis an gceartú ar phraghsanna réadmhaoine tráchtála atá ar siúl i roinnt tíortha ach freisin le dálaí timthriallacha níos laige go ginearálta. Rinneadh caighdeáin chreidmheasa níos doichte in 2023 agus tháinig laghdú ar an soláthar agus ar an éileamh araon ar iasachtaí ó theaghlaigh agus ó chontrapháirtithe neamhairgeadais araon. Leanann athléimneacht na hearnála baincéireachta ar aghaidh go fóill in 2024, cé go bhfuil roinnt comharthaí ann go bhfuil meath ar cháilíocht sócmhainní toisc go ndéanann rátaí úis níos airde agus neamhréir leachtachta difear do roinnt iasachtaithe — lena n-áirítear gnólachtaí atá gníomhach in eastát réadach. Lasmuigh d'earnáil na baincéireachta, d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil an earnáil airgeadais neamhbhainc faoi réir rioscaí breise, dálaí airgeadais níos doichte lena mbaineann, cáilíocht chreidmheasa atá ag dul in olcas agus an fhéidearthacht ceartúcháin mhí-ordúla a dhéanamh ar phraghsanna sócmhainní. Áirítear orthu sin rioscaí leachtachta agus rioscaí a bhaineann le hidirnascthacht ós rud é go bhfuil na naisc idir na hearnálacha baincéireachta agus neamhbhaincéireachta an-láidir san Aontas. Is féidir le suaitheadh in earnáil na gcistí infheistíochta nó in earnáil an árachais éifeachtaí seach-iarmharta a bheith aige ar earnáil na baincéireachta agus *vice versa*. Tá riosca ag baint leis an dul chun donais san earnáil réadmhaoine tráchtála maidir le codanna áirithe den earnáil airgeadais, agus d'fhéadfadh éifeacht seach-iarmharta dhiúltach a bheith aige ar an earnáil airgeadais ina hiomláine agus ar an bhfíorgheilleagar.

<u>An t-ionchas maidir le míchothromaíochtaí eacnamaíocha</u>

Is é an timpeallacht bhoilscitheach atá thar a bheith láidir, rud lenar tugadh laghduithe láidre ar chóimheasa fiachais, is cúis leis an ionchas maidir le míchothromaíochtaí. Ba bhliain í 2023 inar tháinig laghdú mór ar rátaí boilscithe, agus an ráta boilscithe ag dúnadh le spriocanna na mbanc ceannais faoi dheireadh na bliana. I rith na bliana, áfach, ba iad méaduithe ar phraghsanna agus ar chostais an toisc chinntitheach maidir lena bhfuil i ndán do mhíchothromaíochtaí. Chuir díbhoilsceoirí OTI arda éifeachtaí láidre ainmneora ar fáil do na príomhchóimheasa fiachais. Ar an gcaoi sin, tá míchothromaíochtaí leagáide — go príomha stoic fiachais atá ard — fós á gceartú, agus tá go leor comhiomlán, go háirithe fiachas corparáidí agus teaghlach, ag na leibhéil is ísle le blianta fada anois. Eisceacht air sin is ea fiachas rialtais i gcás roinnt tíortha, i gcás nach bhfuil cóimheasa fiachais tar éis filleadh ar na leibhéil a bhí acu roimh 2020 go fóill, d'ainneoin na laghduithe breise in 2023.

Mar gheall ar bhrúnna boilscitheacha le blianta beaga anuas, tá an tírdhreach eacnamaíoch athraithe. D'ainneoin go gciallaíonn an laghdú ar bhoilsciú go bhfuil a rannchuidiú le díghiaráil fiachais níos teoranta anois, leanann oidhreacht an bhoilscithe níos airde de bheith ina fachtóir agus leanfaidh sé de bheith ina fachtóir chun míchothromaíochtaí a mhúnlú. I roinnt mhaith tíortha, tuartar go leanfaidh costais aonad saothair de bheith ag ardú go substaintiúil ós rud é go gclúdaíonn pá laghduithe ar fhíorioncaim indiúscartha. D'ainneoin go bhfuil bainc ceannais, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, tar éis tús a chur le beartas airgeadaíochta a scaoileadh, tá rátaí úis fós ann agus meastar go bhfanfaidh siad ar leibhéil níos airde ná mar a bhí le deacáid anuas. Déanann sé sin difear don ualach úis a bhaineann le féichiúnas agus tá impleachtaí aige ar luachanna sócmhainní maidir le gach earnáil den gheilleagar. Ó tháinig méadú ar rátaí úis, tá laghdú tagtha cheana féin ar infheistíocht, chun críoch tithíochta agus gnó araon.

Cuirfidh fás ainmniúil tacaíocht níos teoranta ar fáil don díghiaráil éighníomhach sna blianta amach romhainn. Tuartar go bhfanfaidh an fás ainmniúil foriomlán beagán níos airde ná mar a bhí roimh an bpaindéim, go príomha mar thoradh ar dhíbhoilsceoir OTI a bheith fós beagán ardaithe. Sna blianta amach romhainn, áfach, ní bheifear in ann tuilleadh laghduithe ar ualaí fiachais a bhaint amach a thuilleadh gan teorainn a chur leis an iasachtaíocht. I gcás teaghlach ag a bhfuil fiachais mhóra agus morgáistí ar ráta comhlúthach, nó teaghlaigh ag a bhfuil tréimhsí fosúcháin atá tagtha chun deiridh nó atá ag teacht chun deiridh, d'fhéadfadh sé go gcuirfí brú ar an gcumas atá acu a n-íocaíochtaí úis níos airde a íoc. I gcás corparáidí, is léir go bhfuil laghdú ar shreafaí creidmheasa, agus tagann sé in éineacht le titim ar bhrabúis aonaid — tar éis méaduithe láidre — rud a d'fhéadfadh cuid de na méaduithe ar chostais aonad saothair a iompar de réir mar a dhúnann pá le costais mhaireachtála.

Tá easnaimh fholuiteacha shubstaintiúla sa chuntas reatha le feiceáil i roinnt tíortha, agus d'fhéadfadh glanfhiachas seachtrach tosú ag ardú arís. I roinnt cásanna, tá féichiúnas seachtrach ag cor cinniúnach, agus níl easnaimh mhóra sa chuntas reatha á bhfritháireamh a thuilleadh ag fás ainmniúil, rud a fhágann go meastar go dtiocfaidh meath ar an nglansuíomh seachtrach sna blianta amach romhainn. Cé nach amhlaidh atá i gcás na dtíortha a bhfuil an féichiúnas seachtrach is airde acu, áirítear leis an méid sin roinnt tíortha ina bhféadfadh méaduithe ar fhéichiúnas seachtrach a bheith ina gcúis imní mura ndéantar gníomhaíocht éifeachtach beartais. Is iondúil gur gá srian a chur le heasnaimh fhioscacha chun gníomhú mar chosc ar éileamh ard, rud a chabhródh an tráth céanna le srian a chur ar na brúnna boilscitheacha atá fós ann, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathchoigeartú ar an earnáil teaghlaigh nó chorparáideach chomh maith.

Tá méadú ag teacht ar dhúshláin maidir le hiomaíochas costais le blianta beaga anuas, agus tá leibhéil praghsanna agus costais i bhfad níos airde os comhair roinnt tíortha anois mar thoradh ar mhéaduithe carnacha, rud atá ag dul in olcas i gcónaí i gcásanna áirithe. Cé go bhfuil laghdú an-mhór tagtha ar dhifreálaigh bhoilscithe — agus go bhfuil deireadh leo in go leor cásanna — i gcás roinnt Ballstát fágann siad mar oidhreacht ina ndiaidh leagáid ina

bhfuil praghsanna agus costais choibhneasta i bhfad níos airde. Cé go mbaineann sé seo go príomha le tíortha a bhfuil acmhainneacht áirithe acu fós breith suas, is cosúil go bhfuil an méadú i bhfad níos airde ná an méid is féidir a chur i leith dálaí ar nós éifeachtaí Balassa-Samuelson agus nach bhfuil á dtiomáint ag méaduithe ar tháirgiúlacht. Mar thoradh air sin, tá leibhéil praghsanna i bhfad níos airde ag na tíortha sin ná mar a bhí roimhe seo, rud a d'fhéadfadh brú a chur ar a n-iomaíochas, go háirithe i gcás ina dtagann siad sa bhreis ar shuíomhanna iomaíochais a bhí lagaithe cheana féin roimh an bpaindéim. Tógfaidh sé tamall ama na héifeachtaí sin a cheartú: éilíonn siad laghdú géar ar phraghsanna agus ar chostais a bhféadfadh suaitheadh eacnamaíoch a bheith mar thoradh orthu, nó tréimhse leanúnach de mhodhnú praghais agus costais *vis-à-vis* comhpháirtithe trádála a mhaireann níos faide nó a bhíonn níos suntasaí ná mar a bheadh murach sin.

Is féidir le leibhéil mhéadaithe praghsanna agus costas tuilleadh brú a chur ar an taobh seachtrach, agus d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann tuilleadh méaduithe ar phraghsanna agus ar chostais a shrianadh i gcásanna áirithe. I roinnt tíortha ina bhfuil méadú mór ar leibhéil praghsanna agus costas, tá fachtóirí díobhálacha eile i bhfeidhm a bhfuil rioscaí ar leith ag baint leo. D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra cur i gcoinne an chaillteanais margaí onnmhairiúcháin — a d'fhéadfadh a bheith nasctha le cúiseanna geopholaitiúla — trí dheiseanna nua a aimsiú i bhfianaise na bpraghsanna agus na gcostas níos airde sa bhaile. I gcás ina bhfuil comharduithe seachtracha faoi bhrú cheana féin, cur i gcás trí laghdú buan ar iarmhéideanna mar gheall ar éifeachtaí praghsanna fuinnimh, is féidir le leibhéil mhéadaithe costais tuilleadh brú a chur ar an taobh seachtrach, go dtí go ndéanfar coigeartú ar leibhéal éilimh níos ísle. I gcás ina bhfuil an fás maolaithe freisin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair brúnna boilscitheacha breise a shrianadh a luaithe a thiocfaidh téarnamh ar an éileamh. De réir mar a dhéantar dálaí eacnamaíocha a normalú, d'fhéadfadh laigí eacnamaíocha foluiteacha, ar nós comharduithe seachtracha atá níos laige ó thaobh struchtúir de, a bheith infheicthe.

Tá praghsanna tithe fós ina n-ábhar imní tábhachtach i roinnt tíortha, d'ainneoin roinnt modhnóireachta a rinneadh le déanaí. Rinneadh maolú ar phraghsanna tithe tar éis blianta d'fhás láidir, rud ar cuireadh dlús leis le linn na paindéime i bhformhór na gcásanna. Ní laghdú substaintiúil iontu féin iad na ceartúcháin sin ar an riosca a bhaineann le forbairtí i bpraghsanna tithe. Ina ionad sin, léiríonn siad na leochaileachtaí: i dtíortha ina bhfuil praghsanna tithe ag titim go láidir, is amhlaidh go bhfuil ós rud é go raibh dinimic fholuiteach ann a thug chuig leibhéil neamh-inbhuanaithe iad. Ar an iomlán, níor tháinig aon athrú ar an dinimic fholuiteeach sin. A luaithe a dhéanfar éileamh tithíochta a choigeartú go hiomlán do leibhéil na rátaí úis níos airde, meastar go leanfar d'fhás láidir ar phraghas tithe, ós rud é go bhfuil bearna mhór ann idir éileamh tithíochta buacach agus an soláthar beag. D'fhéadfadh sé sin a bheith níos measa mar gheall ar an laghdú ar infheistíocht tithíochta a tharla le déanaí i gcomhthéacs glanimirce chuig roinnt Ballstát a bhí ard go stairiúil. Is dócha go dtiocfaidh meath breise ar inacmhainneacht tithíochta, rud atá ag éirí níos déine i roinnt mhaith tíortha. I gceantair uirbeacha i roinnt Ballstát, tá leibhéil bainte amach ag praghsanna tithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcosc ar chumas a ngeilleagar oibrithe a mhealladh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina shrian atá ag éirí níos mó ar a samhail fáis. I roinnt tíortha, tá fás praghsanna tithe fós an-láidir, agus tá dlús á chur leis arís. I gcás áirithe, leanann an fás láidir sin ar aghaidh in éineacht le dinimic láidir bhoilscithe a d'fhéadfadh a bheith deacair srian a chur léi gan tionchair láidre eacnamaíocha.

Conclúidí tírshonracha agus faireachas leantach

In 2025, ullmhófar Grinn-Athbhreithnithe do na 9 mBallstát a sainaithníodh mar Bhallstáit a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha iontu in 2024([4]). Tugtar forléargas sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh ar éabhlóid na bpríomhshonraí is cúis leis na míchothromaíochtaí sin. Déanfar measúnú eacnamaíoch i nGrinn-Athbhreithnithe 2025 atá le foilsiú le linn an chéad leath de 2025 maidir le cibé acu atá na míchothromaíochtaí sin ag géarú, á gceartú, nó ceartaithe, d'fhonn na measúnuithe atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus measúnú a dhéanamh ar na riachtanais bheartais a d'fhéadfadh a bheith ann go fóill. Is amhlaidh a bheidh sé i gcás **na Cipire, na Gearmáine, na Gréige, na hIodáile, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Rómáine**, na **Slóvaice** agus na **Sualainne**.

Ina theannta sin, baintear de thátal as léamh eacnamaíoch an scórchláir gur cheart Grinn-Athbhreithniú a dhéanamh ar an Eastóin, ós rud é go mbaineann rioscaí ar leith leis an mBallstát sin maidir le míchothromaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn. Tá sé sin ag teacht leis an bpeirspictíocht réamhbhreathnaitheach atá á saothrú le blianta beaga anuas. Faoin gcur chuige sin, ba cheart grinn-athbhreithnithe a shaothrú de réir mar atá forbairtí ar ábhar imní iad ag teacht chun cinn, gan fanacht lena chinntiú go bhfuil míchothromaíochtaí ann. San Eastóin, bhí brú mór costais ann le blianta beaga anuas, agus tá fás suntasach tagtha ar phraghsanna tithe agus tháinig méadú ar iasachtaíocht teaghlach freisin. Seasann an Eastóin amach i dtéarmaí mharthanacht na bhforbairtí sin, agus ós rud é go bhfuil dálaí imníocha eile ann a bhfuil rioscaí breise ag baint leo.

San Eastóin, tá caillteanais iomaíochais costais fós ag carnadh agus tá an cuntas reatha ag dul in olcas; an tráth céanna, leanann praghsanna tithe de bheith ag fás go mór. Rinneadh grinn-athbhreithniú ar an Eastóin in earrach 2023, ach ní bhfuarthas aon mhíchothromaíocht an tráth sin: bhí leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíochas, comharduithe seachtracha agus praghsanna tithe ann cheana féin ach fuarthas amach go raibh siad teoranta agus go bhfuil coinne leis go gcúngóidh siad go tapa. Léirítear leis an scórchlár reatha le haghaidh na hEastóine go ndeachaigh dhá thráscaire thar a dtairseacha táscacha in 2023, ba iad sin an fíor-ráta malairte iarbhír agus na costais aonad saothair. Níl léamh eacnamaíoch an scórchláir bunaithe ar fhorbairtí agus ar ionchais a rinneadh le déanaí sách dearfach. Tá maolú tagtha ar bhrúnna costais ach tá siad i measc na mbrúnna is airde sa limistéar euro. Leanann an tír de bheith ag taifeadadh boilsciú ard, agus tá méadú ag teacht ar an mboilsciú foluiteach le déanaí, agus is léir go bhfuil sé níos mó ná meán an limistéir euro. Tá fás láidir tagtha ar phraghsanna agus ar chostais san Eastóin d'ainneoin fheidhmíocht lag fáis an gheilleagair. Ní dhearna an geilleagar téarnamh ón ngéarchéim a spreag cogadh na Rúise ar an Úcráin agus tá cúlú suntasach tagtha air in 2023 agus 2024; I dtéarmaí réadacha, tá OTI thart ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, arb í atá ann an fheidhmíocht is measa san Aontas. Tháinig laghdú suntasach ar onnmhairí le déanaí, agus tháinig laghdú ar sciartha den mhargadh onnmhairíochta freisin. Mhaolaigh an t-easnamh sa chuntas reatha ón leibhéal a bhí ann in 2022, ach níl coinne leis go dtiocfadh tuilleadh feabhais air. Thairis sin, tá an t-easnamh sin ag tarlú tráth gníomhaíochta moille, rud lena dtugtar le tuiscint go bhfuil staid sheachtrach fholuiteach níos laige ann agus go laghdófaí an cuntas reatha dá dtiocfadh feabhas ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a mbeadh éileamh níos airde mar thoradh air. An tráth céanna, tá fás mór tagtha ar phraghsanna tithe le blianta beaga anuas agus tháinig méadú os cionn 7 % ar phraghsanna ainmniúla sa chéad leath de 2024. Is measa fós na rioscaí a bhaineann le ró-luacháil praghsanna tithe dá bharr sin. Rinneadh iasachtaíocht teaghlaigh a mhaolú in 2023 ach bhí sí mór fós in ainneoin na gcostas iasachtaíochta is airde sa limistéar euro.

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Seimeastar Eorpach 2024 - Pacáiste an Earraigh' COM(2024) 600 final.

I gcás na mBallstát eile, ní gá Grinn-Athbhreithnithe a dhéanamh ag an bpointe seo.

Bosca: Toradh athbhreithniú 2024 ar scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha

I gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, déanann an Coimisiún measúnú rialta ar oiriúnacht Scórchlár an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha agus tugann sé cothrom le dáta é i gcás inar gá (Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011). Leis an Tuarascáil seo maidir leis an Sásra Foláirimh, tugtar isteach roinnt athbhreithnithe ar an scórchlár, ar na príomhthéascairí agus ar na táscairí cúnta araon. Mar a rinneadh in athbhreithnithe roimhe seo ar an scórchlár, cuireadh na hathbhreithnithe atá beartaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle (lena n-áirítear a coistí saineolaithe) agus do BERS sula nglacfar go críochnaitheach iad.

Cuirtear san áireamh sna hathbhreithnithe a glacadh na forbairtí is déanaí i dtáscairí staidrimh agus is é is aidhm dóibh an scórchlár a dhéanamh níos dlúithe, níos cothroime idir bloic théamacha éagsúla, agus níos réamhbhreathnaithí. Bhí na prionsabail seo a leanas ina dtreoir acu: (i) cobhsaíocht (lena seachnaítear athbhreithnithe go rómhinic); (ii) gan aon iomadú athraitheach (níor cheart líon na n-athróg a mhéadú de ghnáth, chun ceanglas an Rialacháin i dtaca le barainn an scórchláir a urramú); (iii) ábharthacht agus suntasacht maidir leis an nós imeachta faireacháin um míchothromaíocht mhaicreacnamaíoch; agus (iv) an gá atá le feabhsuithe leanúnacha ar cháilíocht staidrimh a chur san áireamh. Leagtar amach thíos na príomhathruithe ar na príomhthéascairí; tá tuilleadh mionsonraí le fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo ([5]).

- An táscaire maidir le 'feidhmíocht onnmhairiúcháin i gcoinne geilleagair shárfhorbartha', déantar é a uasghrádú ó tháscaire cúntach go príomhtháscaire, arna thomhas mar an t-athrú thar thréimhse 3 bliana. Tá tairseach nuabhunaithe don táscaire seo ag -3 %. Dá réir sin, an táscaire maidir leis an 'sciar den mhargadh onnmhairiúcháin', déantar é a íosghrádú go táscaire cúnta.
- Roinntear na táscairí maidir le stoic fiachais na hearnála príobháidí agus sreafaí creidmheasa ina dtáscairí ar leithligh do theaghlaigh agus do chorparáidí neamhairgeadais. Déanfar na sreafaí creidmheasa a thomhas mar chéatadán de stoic na bliana roimhe sin, agus eisiafar infheistíocht dhíreach choigríche ina uimhreoir agus ina ainmneoir ón sreabhadh creidmheasa chuig corparáidí neamhairgeadais. Is éard atá sna tairseacha nuabhunaithe 55 % agus 85 % de OTI maidir le stoic fiachais teaghlach agus corparáidí neamhairgeadais faoi seach, agus 14 % agus 13 % maidir le stoc fiachas na bliana roimhe sin le haghaidh sreafaí creidmheasa.
- Cuirtear deireadh leis an bpríomhtháscaire maidir le dliteanais san earnáil airgeadais mar aitheantas nach bhfuil táscaire cuimsitheach earnála airgeadais ann a bhféadfaí tairseach a chinneadh go ciallmhar ina leith, agus go bhfuil roinnt sásraí neamhspleácha faireachais eile ann don earnáil airgeadais ar an leibhéal Eorpach a cuireadh ar bun tar éis thionscnamh an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Déanfar faireachán níos dlúithe ar earnáil na baincéireachta trí bhíthin 3 tháscaire chúnta: olliasachtaí neamhthuillmheacha (% d'olliasachtaí), cóimheas caipitil Leibhéal -1 na hearnála baincéireachta (% de shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca), agus an toradh ar chothromas na hearnála baincéireachta (%). Cé go gcuireann na táscairí sin faisnéis thábhachtach in iúl, is deacair tairseacha maicreacnamaíocha fóinteacha a chinneadh. Ní thugann easpa príomhtháscaire sa scórchlár le tuiscint ar chor ar bith go bhfuil laghdú tagtha ar an tábhacht a thugtar don earnáil airgeadais i bhfaireachas maicreacnamaíoch an Choimisiúin.
- Beidh an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí agus an ráta dífhostaíochta i measc na hóige ina dtáscairí cúnta.
- Déanfar tairseach tháscaire an fhíor-ráta malairte éifeachtaigh a chúngú ó ± 5 % le haghaidh EA agus ±11 % le haghaidh tíortha neamh-EA go ± 3 % le haghaidh EA agus ± 10 % le haghaidh tíortha


([5]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe i scórchlár an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, SWD(2024) 702.

neamh-EA chun saintréithe dáileacháin na sonraí is déanaí a chur san áireamh.

- Déantar roinnt coigeartuithe ar shainmhínithe agus ar chlaochluithe cuid de na príomhrtháscairí, go háirithe:
  - Déanfar innéacs ainmniúil na gcostas aonad saothair a thomhas in aghaidh na huaire seachas in aghaidh an duine fhostaithe.
  - Déanfar an t-innéacs praghsanna tithe a thomhas i dtéarmaí ainmniúla seachas i dtéarmaí réadacha, rud a fhágfaidh go n-athrófar an tairseach go + 9 % freisin.
  - Cuirfear an ráta dífhostaíochta i láthair i sonraí bliantúla, seachas a mheán 3 bliana.

Cuirtear roinnt athruithe chun feidhme freisin le haghaidh na dtáscairí cúnta, lena n-áirítear laghdú mór ar a líon, mar a shonraítear sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leo. Beidh príomhtháscaire amháin agus 5(+ 5) tháscaire chúnta ag an scórchlár athbhreithnithe atá níos lú ná an leagan atá in úsáid go dtí seo.

Graf 1: **Líon na mBallstát a bhfuil athróga scórchláir lastall den tairseach á dtaifeadadh acu**



Maidir le líon na mBallstát a dhéanfaidh athróga scórchláir thar thairseacha ábhartha a thaifeadadh i mbliain áirithe, léirítear sonraí ó scoithdháta 2025 na Tuarascála maidir leis an Sásra Foláirimh (an 31 Deireadh Fómhair 2024). Le hathbhreithnithe sonraí *ex-post* a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht i líon na luachanna lastall de thairseacha a ríomhtar leis na figiúirí roimhe sin le haghaidh athróga an scórchláir, mar a fhoilsítear in eagráin roimhe sin de chuid na Tuarascála maidir leis an Sásra Foláirimh. * Níl sonraí ar fáil maidir le comhiomláin thar thréimhse na réamhaisnéise.

Foinse: Réamhaisnéisí Eurostat agus an Choimisiúin Eorpaigh.

Graf 2: **Táscairí scórchlár na Tuarascála maidir leis an Sásra Foláirimh in 2023, de réir tíre**



Foinse: Eurostat